**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0192/2023**

24.5.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)
(COM(2022)0563 – C9-0370/2022 – 2022/0348(COD))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: João Pimenta Lopes

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá ann cheana a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA - AN COISTE FREAGRACH ...............................................................9

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........10

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) (COM(2022)0563 – C9-0370/2022 – 2022/0348(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0563),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0370/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0192/2023),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**Cuspóir agus ábhar an togra**

Is é is cuspóir don togra seo na bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe, a glacadh faoi Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA), a chur chun feidhme i ndlí AE. Is é SIOFA an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh (ERBI) atá freagrach as acmhainní iascaigh i Limistéar Feidhme SIOFA a bhainistiú.

Tá AE ina Pháirtí Conarthach (CCP) in SIOFA ó 2008 i leith. Dá bharr, tá na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta sin (CMManna) arna nglacadh ag SIOFA ceangailteach ar AE, a bhfuil soitheach iascaireachta gníomhach amháin aige faoi láthair i Limistéar Feidhme SIOFA. Ní mór don soitheach sin CMManna SIOFA a chomhlíonadh.

Faoi Airteagal 8(3) SIOFA, ceanglaítear ar gach CCP an ghníomhaíocht ar fad is gá a dhéanamh chun forfheidhmiú na mbeart sin agus a gcomhlíonadh a áirithiú. Thar ceann AE, déanann an Coimisiún Eorpach treoirlínte caibidlíochta bliantúla a dhréachtú ar bhonn seasamh 5 bliana de chuid an Aontais a leagtar síos le cinneadh ón gComhairle agus de réir comhairle eolaíochta. I gcomhréir le seasamh AE, cuirtear na treoirlínte sin i láthair, pléitear iad agus formhuinítear iad ag meitheal na Comhairle.

Tá gach beart de chuid SIOFA ceangailteach mura ndéantar aon agóid nó má tharraingítear siar na hagóidí ina dhiaidh sin. Tá an nós imeachta agóide faoi rialú Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), toisc go bhfuil éifeacht dhlíthiúil ag bearta SIOFA (i.e. bíonn siad ceangailteach ar Pháirtithe Conarthacha). Sula ndéanann sé cinneadh agóid a dhéanamh in aghaidh birt, iarrann an Coimisiún ar an gComhairle go bhformhuineofaí an cinneadh chun agóid a dhéanamh.

Tá bearta SIOFA dírithe go príomha ar CCPanna, ach cuireann na bearta sin oibleagáidí ar oibreoirí freisin (e.g. máistrí soithí).

Tá an togra seo ceaptha chun bearta SIOFA, a glacadh ó 2016 i leith, a chur chun feidhme agus sásra a chur ar bun chun bearta a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme. Cuirtear san áireamh sa togra seo iascaireacht a dhéantar ar shoithí AE i Limistéar Feidhme SIOFA trí dhorú láimhe agus spiléir ghrinnill a úsáid.

Chun laghdú a dhéanamh ar an am is gá chun bearta arna nglacadh ag ERBInna a thrasuí i ndlí AE, molann an Coimisiún sásra a thabhairt isteach ar a dtugtar ‘tagairtí dinimiciúla’, ar choinníoll go dtabharfaí cumhachtaí tarmligthe don Choimisiún faoi Airteagal 290 CFAE.

Cé go bhfuil sé beartaithe go n-úsáidfidh na Ballstáit tagairtí dinimiciúla do na CMManna, in go leor cásanna den togra tá siad ceaptha d’oibreoirí.

Áirítear sna doiciméid éigeantacha sin formáidí tuairiscithe nó doiciméid malartaithe sonraí de chuid SIOFA a bhaineann le dul isteach i limistéir áirithe agus dul amach astu, leis na pointí tosaithe agus deiridh i dtaca le trealamh iascaireachta a shocrú, le hoibríochtaí trasloingsithe agus aistrithe, agus le hamharc a fháil ar shoithí tríú tír. Ós rud é go n-athraíonn na ceanglais agus na teimpléid sin agus nach bhfuil ach soitheach iascaireachta amháin de chuid an Aontais

gníomhach san iascach atá á bhainistiú ag SIOFA, creideann an Coimisiún Eorpach gurb ionann ‘tagairtí dinimiciúla’ agus nuálaíocht iomchuí chun éifeacht a thabhairt do leasuithe SIOFA i ndlí AE.

Leis na cumhachtaí tarmligthe a liostaítear sa togra, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán atá beartaithe a leasú nó a fhorlíonadh maidir le bearta arna nglacadh ag SIOFA sna réimsí seo a leanas:

- an fhaisnéis a theastaíonn le haghaidh údarú soithigh;
- athrú ar an gcineál iascaireachta agus trealamh iascaireachta atá ceadaithe;
- líon na n-aonad táscaire Éiceachórais Leochaileacha Mhuirí (VMEnna) gabhála/aisghabhála;
- achair nach mór scor d’iascaireacht ghrinnill a dhéanamh laistigh díobh i gcás inar thángthas ar fhianaise gur ann do VME atá os cionn leibhéil na tairsí le linn oibríochtaí iascaireachta;
- cumhdach breathnóirí eolaíocha le haghaidh iascaireacht ghrinnill agus tabhairt isteach cláir breathnóirí leictreonacha;
- bearta maidir leis an iascach déadéisc i limistéar Del Cano Rise i ndáil le tréimhse an tséasúir iascaireachta, minicíocht thuairisciú uathoibríoch an chórais faireacháin soithí (VMS), líon na mbreathnóirí eolaíocha agus an modh breathnóireachta, rátaí clibeála agus scaoilte, línte á socrú de réir soithí iascaireachta, minicíocht tuairiscithe chuig rúnaíocht SIOFA, doimhneachtaí línte socraithe, agus bearta chun speicis eile a chosaint;
- bearta maidir leis an iascach déadéisc i limistéar Williams Ridge i ndáil leis an séasúr iascaireachta, rátaí clibeála agus scaoilte, rátaí tuairiscithe agus ábhar an tuairiscithe chuig rúnaíocht SIOFA, raon feidhme geografach na hiascaireachta, an líon duán in aghaidh na líne, líon na mbreathnóirí eolaíocha agus an modh breathnóireachta, aga íosta na sosanna idir turais iascaireachta as a chéile, agus bearta chun speicis eile a chosaint;
- athruithe ar Iarscríbhinní an Rialacháin atá beartaithe.

**Seasamh an Rapóirtéara**

Tugann an Rapóirtéir dá aire go dtugtar isteach leis an togra ón gCoimisiún tagairtí dinimiciúla i ndlí AE mar ionstraim chun rialacha SIOFA a chur chun feidhme go pras. Cé gur díol sásaimh dó i bprionsabal aon mholadh chun dlús a chur le trasuí mholtaí ERBI, meabhraíonn an Rapóirtéir, de réir na gConarthaí agus chásdlí na Cúirte Breithiúnais, i gcás ina bhféachtar le dlí AE oibleagáidí a fhorchur ar dhaoine aonair, amhail oibreoirí, nach mór dóibh a bheith in ann eolas a chur ar raon feidhme iomlán agus ar ábhar na n-oibleagáidí sin ina dteanga féin (féach breithiúnas an 11 Nollaig 2007, Skoma-lux, C-161/06, AE:C:2007:773, mír 38).

Cuireann an iliomad cásanna ina n-úsáidtear tagairtí dinimiciúla sa togra isteach ar an gceart atá ag saoránaigh agus oibreoirí AE eolas a chur ar raon feidhme iomlán agus ar ábhar na n-oibleagáidí sin ina dteanga féin. Meabhraíonn an Rapóirtéir gur gá d’oibleagáidí a bheith

foilsithe san Iris Oifigiúil (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, Stichting Rook preventventie Jeugd a.o., C-160/20, AE:C:2012:101, mír 40) chun iad a bheith infheidhme. Is é sin an cur chuige a ghlac na reachtóirí freisin sna rialacháin lena dtrasuitear bearta caomhnúcháin agus bainistíochta WCPFC[1], IOTC[2] agus CCSBT[3].

De mheon comhsheasmhacht a chaomhnú le hionstraimí eile lena dtrasuitear rialacha ERBI, cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gur cheart éifeacht a thabhairt do na leasuithe arna nglacadh ag SIOFA ar CMManna i ndlí AE ar a laghad trí chumhachtú tarmligthe lena gceadaítear don Choimisiún na hoibleagáidí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le dlí an Aontais, lena ndéantar iad a chur ar fáil do na hoibreoirí sa leagan is déanaí díobh. Ba cheart rialacha SIOFA - amhail aon trasuí eile ar chinntí ERBI - a bheith coinníollach ar chumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin Eorpaigh.

Tugann an Rapóirtéir dá aire freisin go dtéann an togra ón gCoimisiún Eorpach i mórán cásanna thar cheanglais CMManna SIOFA agus iarrann sé ar an gCoimisiún foclaíocht bhunaidh fhorálacha SIOFA a urramú.

Tugann an Rapóirtéir an togra seo ón gCoimisiún dá aire agus molann sé go ndiúltófaí don togra reachtach seo lena n-iarrtar ar an gCoimisiún gan úsáid a bhaint as tagairtí dinimiciúla.

[1] Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle

[2] Rialachán(AE) 2022/2343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle

[3] 2021/0242(COD), ag feitheamh ar fhoilsiú.

## AN NÓS IMEACHTA - AN COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) |
| **Tagairtí** | COM(2022)0563 – C9-0370/2022 – 2022/0348(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 4.11.2022 |
| **An coiste freagrach**<br>An dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>9.11.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>An dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE ENVI<br>9.11.2022 9.11.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | DEVE ENVI<br>30.11.2022 1.12.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | João Pimenta<br>Lopes<br>14.12.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 23.1.2023 28.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 3<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, François-Xavier Bellamy, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Asger Christensen, Rosa D’Amato, Francisco Guerreiro, Niclas Herbst, Jan Huitema, France Jamet, Predrag Fred Matić, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Marc Tarabella |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Martin Hlaváček, Ska Keller, Gabriel Mato, Raffaele Stancanelli, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Anna-Michelle Asimakopoulou, Marco Campomenosi, Clare Daly, Gilles Lebreton, Mick Wallace |
| **Dáta don chur síos** | 24.5.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 24 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Raffaele Stancanelli |
| NI | Marc Tarabella |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Anna-Michelle Asimakopoulou, François-Xavier Bellamy, Maria da Graça Carvalho, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Lucia Vuolo |
| Renew | Asger Christensen, Martin Hlaváček, Jan Huitema |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić |
| The Left | Clare Daly, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Ska Keller, Caroline Roose |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Marco Campomenosi, France Jamet, Gilles Lebreton |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh